

## **An Scéim Náisiúnta Breosla**

### **Liúntas Breosla**

Íocaíocht chun cabhrú leat íoc as téamh do thí is ea an Liúntas Breosla. Íoctar é le daoine atá ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmacha agus nach bhfuil in ann íoc as a gcuid riachtanas téimh féin. Le duine amháin ar a mhéad i ngach teaghlach a íoctar Liúntas Breosla.

### **Teidlíocht ar Liúntas Breosla**

Íocaíocht faoi réir thástáil mhaoine is ea an Liúntas Breosla. Íoctar é le daoine atá ina gcónaí ina n-aonar nó le daoine i gcatagóirí áirithe (céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir cleithiúnach nó leanbh cleithiúnach). Má tá tú ag fáil íocaíochta faoi réir thástáil maoine cheana féin ón Roinn seo, sásóidh tú an tástáil mhaoine don Liúntas Breosla, ach amháin má tá tú ag fáil íocaíocht ÁSPC-bhunaithe ar leathráta, ar nós Sochar Breoiteachta, Sochar Díobhála nó Sochar Cuardaitheora Poist.

Tá an tástáil mhaoine don Liúntas Breosla nasctha den Phinsean Stáit (Ranníocach). Más lú ná €100 os cionn an uasráta den Phinsean Stáit (Ranníocach) sa tseachtain d'acmhainní iomlána, d'fhéadfá cáiliú don Liúntas Breosla. I bhfocail eile, is é €230.30 uasráta reatha an Phinsin Stáit (Ranníocach) mar sin más lú ná €330.30 d'acmhainní seachtainiúla iomlána, lena n-áirítear d'íocaíocht leasa shóisialaigh, d'fhéadfá cáiliú don Liúntas Breosla.

### **Tréimhse íocaíochta an Liúntais Bhreosla**

De réir beart a tugadh isteach i mBuiséad 2012, íocfar an Liúntas Breosla suas go dtí an tseachtain dar críoch an 6 Aibreán 2012 agus an lá sin san áireamh.

Sé seachtaine is fiche (26) a mhairfidh séasúr breosla 2012/2013.

### **Ráta an Liúntais Bhreosla**

Íoctar €20 de Liúntas Breosla gach seachtain i gcaitheamh an tséasúir bhreosla.

**Gheofar eolas breise ó Ionad Eolais do Shaoránaigh, agus ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**

## Ceisteanna Coitianta

### **C. Cén t-athrú a rinneadh i mBuiséad 2012?**

**F.** An 'séasúr breosla' ina n-íoctar an Liúntas Breosla, laghdaíodh é ó 32 seachtain go dtí 26 seachtain i mBuiséad 2012. Mairfidh liúntas breosla 2012/2013 26 seachtain, ón Luan an 8 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an Aoine, an 5 Aibreán 2013.

### **C. Cén difear a dhéanann sé don séasúr breosla reatha (2011/2012)?**

**F.** Cuirfear deireadh le híocaíochtaí den Liúntas Breosla Dé hAoine an 6 Aibreán 2012.

### **C. Cónaím im' aonar agus faighim íocaíocht leasa shóisialaigh fadtéarmach ach níl aon teacht isteach eile agam – an bhfaighidh mé an Liúntas Breosla?**

**A.** Gheobhaidh.

### **C. Cónaím im' aonar agus faighim €230.30 de Phinsean Stáit (Ranníocach) chomh maith le €99 de phinsean príobháideach – an bhfaighidh mé an Liúntas Breosla?**

**F.** Gheobhaidh, ós rud é gur lú ná €330.30 do theacht isteach seachtainiúil.

### **C. Cónaím im' aonar agus faighim €230.30 de Phinsean Stáit (Ranníocach) chomh maith le €150 de phinsean príobháideach – an bhfaighidh mé an Liúntas Breosla?**

**F.** Ní bhfaighidh, ós rud é gur mó ná €330.30 do theacht isteach seachtainiúil.

### **C. Cónaím le mac nó iníon a bhfuil post lánaimseartha aige/aici. Faighim €230.30 de Phinsean Stáit (Ranníocach) ach níl aon teacht isteach eile agam – an bhfaighidh mé an Liúntas Breosla?**

**F.** Ní bhfaighidh toisc go bhfuil duine éigin atá fostaithe go lánaimseartha ina chónaí nó ina cónaí in éineacht leat.

### **C. Conas a dhéanaim iarratas ar an Liúntas Breosla?**

**F.** Comhlánaigh foirm iarratais NFS1 agus seol é chuig an réimse sin den Roinn a dhéileálann le d'íocaíocht pinsin nó liúntais.

Más rud é nach bhfaigheann tú íocaíocht ón Roinn seo nó má fhaigheann tú íocaíocht ó thír eile, seol an fhoirm chomhlánaithe chuig: An Scéim Náisiúnta Breosla, Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar an Choláiste, Sligeach. Gheofar an fhoirm iarratais agus eolas breise ar shuíomh idirlín na Roinne [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

**Gheofar eolas breise ón Ionad Eolais do Shaoránaigh, agus ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**